An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 26/25**

**CO EUR 21**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtarán na Comhairle Eorpaí |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 18 Nollaig 2025)<br>- An Úcráin |

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí a mhéid a bhaineann leis an Úcráin. Thacaigh 25 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach sa doiciméad seo.

**AN ÚCRÁIN**

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá cuid teorainneacha, mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn leis. Molann an Chomhairle Eorpach diongbháilteacht agus athléimneacht mhuintir na hÚcráine agus cheannairí na tíre sin agus iad ag cur i gcoinne fhogha na Rúise, sa chaoi is gur cuireadh cosc ar an Rúis a cuspóirí míleata a bhaint amach.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tacaíocht dhaingean an Aontais do chonair na hÚcráine i dtreo ballraíocht san Aontas, agus is díol sásaimh di an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin go dtí seo in ainneoin í a bheith in anacair ghéar. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair go dlúth leis an Úcráin agus ag tacú léi ina cuid iarrachtaí na coinníollacha uile a shásamh ina n-iomláine, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe. Coinneoidh an tAontas Eorpach air ag cuidiú leis an Úcráin todhchaí shíochánta rathúil a thógáil san Aontas Eorpach.

4. Tacaíonn an tAontas Eorpach le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin, bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Agus na prionsabail a leag sí amach an 6 Márta 2025 á meabhrú aici, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach a bhfuil á dhéanamh seasta ar an leibhéal taidhleoireachta chun deireadh a chur leis an gcogadh agus tathantaíonn sí ar an Rúis teacht ar chomhaontú maidir le sos cogaidh iomlán, neamhchoinníollach, láithreach, a bhfuil an Úcráin tiomanta i gcónaí dó, agus dul i mbun caibidlíocht fhóinteach chun síocháin chóir mharthanach a bhaint amach. Más dual don tsíocháin a bheith cóir marthanach, ní fhéadfar teorainneacha a athrú le teann fornirt agus caithfear, le haon chomhaontú a bheidh ann amach anseo, neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a urramú, agus slándáil na hÚcráine agus a cumas í féin a chosaint a ráthú san fhadtéarma.

5. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de bheith rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí síochána, i gcomhréir le haidhm an Aontais Eorpaigh an tsíocháin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear sna Conarthaí. Ní féidir conair na síochána san Úcráin a chinneadh in éagmais na hÚcráine. Is é an tAontas Eorpach a dhéanfaidh cinntí ar ábhair a bhaineann lena inniúlacht féin nó a mbíonn tionchar acu ar a shlándáil féin.

6. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir chun rannchuidiú le ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe. Áireofar leis sin tacú leis an Úcráin méadú ar an gcumas atá inti ionsaithe a dhíspreagadh agus í féin a chosaint go héifeachtach. Beidh rannchuidiú an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát bunaithe ar a n-inniúlachtaí agus a gcumais faoi seach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

7. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir chomh riachtanach géar atá sé a áirithiú go mbeidh an Úcráin athléimneach feasta agus go mbeidh na hacmhainní buiséadacha agus míleata aici chun leanúint dá ceart bunúsach féinchosanta a fheidhmiú agus chun fogha na Rúise a chomhrac agus a dhíspreagadh, san fhadtéarma freisin.

8. Á mheabhrú di an gealltanas a thug sí i mí Dheireadh Fómhair 2025 aghaidh a thabhairt ar na riachtanais airgeadais phráinneacha atá ag an Úcráin do 2026-2027, lena n-áirítear na hiarrachtaí míleata agus cosanta a bheidh le déanamh aici, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an obair leanúnach atá á déanamh chun an gealltanas sin a chomhlíonadh.

I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach roimhe seo ina luaitear, faoi réir dhlí an Aontais, gur cheart sócmhainní na Rúise a bheith blocáilte go dtí go gcuirfeadh sí deireadh leis an gcogadh foghach atá á fhearadh aici ar an Úcráin agus go dtí go gcúiteodh sí an damáiste atá déanta sa chogadh sin, ghlac an tAontas Eorpach, i bhfianaise na staide nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, ar bhonn Airteagal 122 CFAE, bearta éigeandála eisceachtúla sealadacha a bhfuil údar cuí leo lena ndéantar na sócmhainní sin a bhlocáil ar bhonn níos marthanaí. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an ráiteas ón gCoimisiún a rinneadh tráth a glacadh an gníomh sin.

I bhfianaise na dtograí is déanaí ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa leanúint den obair ar na gnéithe teicniúla agus dlíthiúla de na hionstraimí lena mbunaítear iasacht chúiteamh-nasctha, bunaithe ar na hiarmhéideanna airgid a bhaineann le sócmhainní blocáilte na Rúise.

Idir an dá linn, d'fhonn an tacaíocht airgeadais is gá a áirithiú don Úcráin ón dara ráithe de 2026 i leith, lena n-áirítear a riachtanais mhíleata, comhaontaíonn an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a thabhairt don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil a bhfuil lamháil bhuiséad an Aontais mar thaca léi. Trí bhíthin comhar feabhsaithe (Airteagal 20 CAE) i ndáil leis an ionstraim atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE, ní bheidh tionchar ag aon slógadh acmhainní ó bhuiséad an Aontais, ina cháil mar ráthaíocht don iasacht seo, ar oibleagáidí airgeadais Phoblacht na Seice, na hUngáire ná na Slóvaice. Ní aisíocfadh an Úcráin an iasacht sin go dtí go bhfaigheadh sí an cúiteamh. Go dtí sin, beidh na sócmhainní sin blocáilte i gcónaí agus forchoimeádann an tAontas a cheart úsáid a bhaint astu chun an iasacht a aisíoc, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis a thábhachtaí atá na gnéithe seo a leanas i ndáil leis an iasacht atá le tabhairt don Úcráin:

a) tionscail chosanta na hEorpa agus na hÚcráine a neartú;

b) leanann an Úcráin den smacht reachta a chaomhnú, agus den éilliú a chomhrac;

c) cineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh.

9. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na Ballstáit dlús leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha mhíleata agus chosanta na hÚcráine, go háirithe córais aerchosanta agus frithdhrón, agus armlón mórchalabra. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí tacaíocht bhreise a thabhairt do thionscal cosanta na hÚcráine, é a fhorbairt agus infheistiú ann, lena n-áirítear trí tháirgeadh cosanta na hÚcráine a bhunú sna Ballstáit. Tá sé tábhachtach freisin an comhar agus an comhtháthú idir tionscal cosanta na hÚcráine agus tionscal cosanta na hEorpa a neartú a thuilleadh, agus leas á bhaint as taithí agus saineolas uathúil na hÚcráine. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go n-áirítear comhar leis an Úcráin i bpleananna infheistíochta na mBallstát le haghaidh an tionscail cosanta faoi chuimsiú na hIonstraime um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE).

10. Agus tacaíocht mhíleata agus ráthaíochtaí slándála á gcur ar fáil don Úcráin, tabharfar lánurraim don bheartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

11. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí leanúint de bhrú a chur agus a mhéadú ar an Rúis éirí as a cogadh foghach brúidiúil, agus dul i mbun caibidlíocht fhóinteach i dtreo na síochána. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint den obair ar phacáiste nua smachtbhannaí, agus é mar aidhm aici é a ghlacadh a luaithe is féidir ach a ndéanfar é a thíolacadh go luath in 2026. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhordú leis na comhpháirtithe sa ghrúpa G7 agus le comhpháirtithe eile a bhfuil na tuairimí céanna acu maidir leis na smachtbhannaí, agus a thábhachtaí atá sé cur arís eile leis na bearta chun teacht timpeall a sheachaint.

12. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar a bhfuil déanta chun srian a chur le hoibríochtaí scáthchabhlach na Rúise, rud a d'fhág go ndearnadh ioncam fuinnimh na Rúise a laghdú go héifeachtach, agus is díol sásaimh di na smachtbhannaí a glacadh le déanaí chuige sin. Iarrann sí ar na Ballstáit gníomhaíocht chomhordaithe bhreise a dhéanamh agus iarrann sí go leanfaí den chomhar le comhpháirtithe G7, i ndáil le stáit chalafoirt agus stáit chósta freisin, chomh maith le stáit bhrataí tríú páirtí agus na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le héiceachóras an scáthchabhlaigh, chun ioncam fuinnimh na Rúise a laghdú a thuilleadh agus chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha a bhaineann leis an scáthchabhlach.

13. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an tacaíocht atá á tabhairt ag tríú tíortha, agus freisin ag gníomhaithe agus eintitis sna tíortha sin, tacaíocht a chuireann ar chumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin. Cáineann sí, go háirithe, an tacaíocht mhíleata leanúnach atá á tabhairt ag an Iaráin, ag an mBealarúis agus ag Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, go háirithe. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar gach tír deireadh a chur láithreach le haon chúnamh atá á thabhairt acu don Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin, bíodh sé díreach nó indíreach, go háirithe trí earraí nó comhpháirteanna dé-úsáide a sholáthar.

14. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe leanúnacha mórscála atá á ndéanamh ag an Rúis ar shibhialtaigh agus ar spriocanna sibhialtacha san Úcráin, lena n-áirítear ar bhonneagar, ar ospidéil, ar shaoráidí leighis agus ar an gcóras fuinnimh. Iarrann sí go gcuirfí deireadh láithreach leis na gníomhaíochtaí míleata uile atá á ndéanamh gar do shaoráidí núicléacha na hÚcráine, ar bagairt thromchúiseach iad ar shábháilteacht agus ar shlándáil na saoráidí sin. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go ndéanfaí gach iarracht tacú leis an Úcráin athléimneacht a córais fuinnimh a chóiriú, a atógáil agus a neartú. Cuirfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, i gcomhar lena gcomhpháirtithe, dlús leis an gcúnamh daonnúil agus cosanta sibhialta atáthar a thabhairt don Úcráin, agus leis an bhfuinneamh agus an trealamh ábhartha atá á sholáthar di.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a hiarraidh phráinneach ar an Rúis agus ar an mBealarúis féachaint chuige go bhféadfadh gach leanbh agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach, go bhféadfaidís filleadh ar an Úcráin go sábháilte agus gan choinníoll. Ní mór iarrachtaí fóirithinte daonnúla agus bearta eile forbartha muiníne, go háirithe malartú príosúnach cogaidh, a bheith mar chuid den chonair i dtreo na síochána.

16. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí féachaint chuige go dtabharfar go hiomlán chun cuntais iad siúd atá freagrach as coireanna cogaidh agus as na coireanna eile is tromchúisí atá á ndéanamh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha i dtreo oibríochtú an Bhinse Speisialta maidir le coir an fhogha faoin Úcráin, faoi chuimsiú Chomhairle na hEorpa. Is díol sásaimh di freisin síniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin agus iarrann sí go leanfaí den obair sin.

17. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.